AMÁRAĊ

3d

Iml. 11. Uiṁ. 44. Aoine, 10ú Nollaig, 1965.

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagartóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

EAGARFOCAL. 10-12-65.

EAGARḞOCAL

TÁ FIOS AG ÁR LEIṪEOIRÍ NAĊ ḂFUIL aon ċeist is tábaċtaí agus is práinní sa Ġaeltaċt, ná obair. Ag cur leis sin, níl ábar ar biṫ is mó ar ṫráċtamar air, ins na heagarḟocla seo le deiċ mbliana anuas ná obair do Ṗobal na Gaeltaċta. Arís, agus arís eile, leagamar síos gurb é sin an bun rud, an duġraiṫe, an sine qua non, naċ ḃféadfaí aon slánú a ḋéanaṁ ar an nGaeltaċt gan é. Ḃí sé seo ag cur le éileaṁ eagras oifigiúil Ṁuintir na Gaeltaċta féin, a ċuir mar ċéad ċuspóir agus riaċtanas do ṡlánú na Gaeltaċta, nó Saoṫrú Seasta. Déanta na fírinne, ag an ċéad Ċoṁdáil den eagras, ḃí daoine go láidir den tuairim nár ċeart aon ċuspóir eile a ċur roiṁ an eagras aċ an bunċuspóir seo de saoṫrú seasta.

LE BLIAIN IOMLÁN ANUAS, IS BEAG AR ṪRÁĊTAMAR faoi an ábar seo. Nuair a foilsíoḋ na cuntaisí caiteaċais anuraiḋ, dúramar nár léiriġ siad go raiḃ aon ḃreis fostaíoċt insan Ġaeltaċt. Nuair a foilsíoḋ tuarascáil Ḃord Gaeltarra Éireann, léiríomar ċoṁ beag agus a ḃí an codán do Ṗobal na Gaeltaċta a ḃí ag baint saoṫrú seasta as Gaeltarra Éireann. Níor foilsíoḋ aon tuarascáil ó Ḃord Gaeltarra Éireann don ḃliain a ċríoċnaiġ an Márta seo caite fós. Stailc na gClódóirí adeirtear, is cúis leis an ṁoill. Aċ is cinnte naċ mbeiḋ aon aṫrú cumasaċ ar na figiúirí di fostaiṫe lán-aimsire agus páirt-aimsire.

MAR SIN DE, TÁ FAITÍOS ORM GO ḂFUIL CÚRSAÍ na Gaeltaċta de ṫairḃe oibre de, mar a ḃí anuraiḋ, agus mar a ḃí le blianta fada roiṁe sin. Ar ndóiġe, is maiṫ a ṫuigeann cuid againn gur mar sin atá, ar an ábar naċ dearnaḋ aon iarraċt fiúntaċ ar biṫ le obair lán-aimsireaċ a ṡoláṫar insan Ġaeltaċt. Tá cuid de luċt na Gaeltaċta agus Gaeilgeoirí dílse na Galltaċta ċoṁ tuirseaċ, agus ċoṁ duḃ-dóite de seo, agus go ḃfuil siad in éadoċas ar fad faoi an aḃḃeoċaint, agus is fé'n-gcéadṁú an ḃeag iad sin do Ṗobal na tíre, agus go fóill, le iomad poiblíoċt Ḃéarla, ní hé ó eagrais Rialtais aṁáin meastar, go ḃfuiltear ag tabairt barraíoċt tacaíoċt don Ġaeltaċt.

TÁ A ĊEARTÚ SIN LE FÁIL INS NA TUAIRISCÍ atá foilsiṫe insan eagrán seo faoi cúrsaí oibreaċais, nó cúrsaí as obair, ins na Malartáin Feiḋmeanais insan Ġaeltaċt, nó is goire don Ġaeltaċt, le cúig bliana anuas. Cuiṁnimís gur seo na cúig bliana is mó a raiḃ dul ċun cinn i gcúrsaí oibre, tionsclaċ le fada fada, nó b'féidir ariaṁ, inár stair. Cuiṁnimís le linn sin de ḃárr an Ċéad Clár Geilleagraċ, agus an Dara Clár Geilleagraċ, gur ṫit an pobal as obair, go h-an ṁór ar fad ar fud na tíre. Déanta na fírinne, le tamall anuas, d'ísliġ an uiṁir as obair don Stát uiliġ ó beagnaċ 100,000 duine go dtí níos lú ná leaṫ an ḟigiúir sin. Ḃeaḋ duine ar biṫ ag súil gur ins na ceantair is mó a raiḃ daoine as obair, a ba ṁó a ḃeaḋ an laġdú, mar sé an áit is mó a ḃfuil cruatan ar cóir tárṫail

Cúrsaí na Gaeltaċta sa tSeanaid

Uiliġ ar aon intinn gur gá obair sa Gealtaċt

Gan aon cur i gcoinniḃ an Ḃille

NOĊTAÍOḊ A LÁN TUAIRIMÍ SUIMIÚLA AR AN DÍOSPÓIREAĊT AR ḂILLE NA DTIONSCAL GAELTAĊTA SA TSEANAD AR AN 10ú IÚL AĊ IS AISTEAĊ LE RÁ NÁR FOILLSÍOḊ TUARASCAIL AN LAE SIN GO DTÍ AN SAṪARN SEO CAITE.

D'ḟoillsíomar ċeana óráid an Rúnaí Pairliminte agus tugaimíd anseo anois caint na Seanadóirí a labair Gaeilge agus béarfar aṫċuimre ar ṫuairimí Seanadóirí an Ḃéarla an tseaċtain seo ċugainn.

Ḃí dá rud le tuiscint go sonnráiṫeaċ as an díospóireaċt — dea ṫoil an uile ḋuine do soláṫar oibre sa Ġaeltaċt agus aineolas ar coṁ dona agus tá an scéal sa Gaeltaċt.

Labair an Rúnaí Pairliminte, an tOllaṁ Dooge, Séamas Ó Doláin, Dónall Ó Conalláin, Bn Uí Eiċtiġeirn, as Gaeilge agus Gearóid Mac Gearáilt agus Miċeál Ó Cinnéide agus an tOllaṁ Ó Coinleáin i nGaeilge agus i mḂéarla agus Seosaṁ Ó Líonaċáin, Dr. S. Sceffington as Béarla aṁáin.

An tOllaṁ Dooge

Fáilte agus tréaslú

Ar an gcéad dul síos ba ṁaiṫ liom fáilte ċun an Seanad a ċur roiṁ an Rúnaí Pairliminte agus tréaslaím leis a ġradam nua. Fáiltím freisin roiṁ an mḂille. De ġnáṫ, i gcás Ḃille den saġas seo ní ḃíonn ann aċ fáilte. Ceistíṫear alt anseo agus ansiúd, ⁊ uaireanta, moltar cibé Ḃord a ḃíonn i mbun na hoibre i gceist. Sa ċás seo, áfaċ, is trua naċ ḃfuil aċ leaṫ-ṁolaḋ ag dul do Ġaeltarra Éireann mar níl na daoine go ḃfuil cruinn-eolas acu ar ċúrsaí Gaeltarra Éireann aċ leaṫ-sásta leis an obair atá déanta ag an mḂord sin le h-oċt mbliain anuaus.

Nuair a cuireaḋ Gaeltarra Éireann ar bun seaċt mbliana nó mar sin ó ṡin ḃí dualgas air aisíoc a ḋéanaṁ i leiṫ na n-airleacan a tugaḋ dó. Ní mar sin a ṫit an scéal amaċ. Sé an rud is tábaċtaí sa Ḃille seo go saorfar Gaeltarra Éireann ón dliteanas atá air ċun aisíoc a ḋéanaṁ feasta. Suas le milliún punt atá i gceist. Níl an t-airgead sin ċun teaċt ar ais in aon ċor; níl ann anois aċ deontas. Agus tá deontas eile de £1,000,000 le teaċt.

Cuspóir eacnamaíoċta

Is cúis díoma é sin ar fad. Is fíor go ḃfuil dá aiḋm ag Gaeltarra Éireann — cuspóir eacnamaíoċta agus cuspóir sóisialta, aċ ní ḃeiḋ raṫ ar biṫ ar cúrsaí na Gaeltaċta go dtí go dtugtar tús áite don ċuspóir eacnamaíoċta mar is é is tábaċtaí. Fad agus cuirtear an ḃéim ar ċúrsaí sóisialta na Gaeltaċta ní ḃeiḋ aon feaḃsú ceart ann agus ní ḃeiḋ aon dul ar aġaiḋ ceart.

An ċúramaċ

Luaintear sin sa Ṗáipéar Ḃán agus dúirt an Rúnaí Pairliminte anois beag "go gcaiṫfiḋ Gaeltarra Éireann beiṫ ina príoṁġléas ċun gníoṁaíoċtaí eacnamaíoċa de ċineál tionsclaíoċ a ḟor

(Ar lean. ar leaṫ. 3)

Gleacáíoċt agus Corpoiliúnt Tabáċtaċ

Molaḋ mór d'Ord Naoṁ Doimnic

Óráid an Aire Oideaċais, Seoirse Uas. Ó Colla, T.D., ar ócáid céad-taispeántais an scannáin "Physical Education in Ireland". 2 Nollaig, 1965, i gColáiste Cnoc Síon, Baile Áṫa Cliaṫ, ar 9 p.m.

Tá mórṁolaḋ ag dul d'Ord San Doiminic i dtaoḃ a ḃfuiul á ḋéanaṁ sa Ċoláiste seo ar son an ċorpoideaċais. An scannán atáimíd taréis a ḟeiceáil, tá sé ag teaċt leis an saoṫar atá déanta acu. Ṫeaspáin sé cad is féidir a ḋéanaṁ agus ní aṁáin sin aċ cad is féidir a ḋéanaṁ le taitneaṁ.

Ba ṁaiṫ liom treis ḃeag éigin a ċur ar an ḃfocal sin "taitneaṁ" sa ċás seo, óir is baol gur minic a ḟeictear don aos óg gur rud míoṫaitneaṁaċ an ġleacaíoċt scoile.

Tá sin aṁlaiḋ agus ní cóir é beiṫ aṁlaiḋ. Ḃí meas mór sa tír seo riaṁ ar an té a raiḃ neart agus lúṫ ina ġéaga aċ má ḃí, ba léir riaṁ gur tugaḋ taitneaṁ do na lúṫċleasa coṁ maiṫ le meas beiṫ orṫu.

Tá a ċruṫú san sa litríoċt ó aimsir na Rúraíoċta i leiṫ. Go deiṁin, mar le tír ḃeag ní suaraċ í an ċáil idirnáisiúnta atá bainte amaċ ag ár lúṫċleasaiṫe le leaṫċéad bliain anuas.

Taoḃ amuiġ de na lúṫċleasa féin, áfaċ, tá suim sa ċorpeolaíoċt mar ábar scoile ann féin ag leaṫnú imeasc an ṗobail i gcoitinne le blianta beaga anuas, ⁊ go mórṁór imeasc bainisteoirí ⁊ oidí scoile. Ḃí suim ṁór agam féin sa ċorpoideaċas i gcónaí ⁊ is maiṫ a ṫuigim a ṫábaċtaí is atá sé in oiliúint an aois óig. Tá beartaiṫe agam dá réir sin feaḃas a ċur ar an scéal sin feasta. Tá cigire timireaċ corpoideaċais ceapṫa le déanaí in mo Roinnse (agus go deiṁin tuigim go ḃfuil páirt aige i gcúrsaí na hoíċe seo). Lena ċois sin tá gaċ gné den ċeist seo á iniúċaḋ sa Roinn faoi láṫair.

Déanfar é a ṗlé freisin, ar ndóiġ, leis na dreamanna éagsúla a mbaineann sí leo agus tá mé cinnte go ḃfaiġimíd gaċ uile ḋeaṫoil agus coṁoibriú uaṫu.

Pé brí caoi a mbeiḋ an scéal, ar aon nós is cinnte go mbeiḋ an Coláiste seo ar tosaċ sa deaobair. Níor lagaí Dia siḃ.

a ṫabairt air ar tús. "An gad is goire don scórnaċ, is cóir a ġearraḋ ar tús."

MAR SIN DE, na ċeart gur ins na Ceantair Cúnga, an áit a raiḃ fé'n gcéadṁú an ṁór ar fad as obair ba ċeart saoṫrú agus obair lán-aimsireaċ a ṡoláṫar. Aċ, ní mar sin a ṫárla. Is cosúil gur ins na caṫraċa agus ins na bailte móra, agus ins na háiteaċa naċ raiḃ fé'n-gcéadṁú an mór ar ċor ar biṫ as obair, a ṫáinig an t-ísliú, mar is beag ísliú ar ċor ar biṫ, a ṫáinig ar an líon as obair ag na Malartáin Feiḋmeanais insan Ġaeltaċt agus ar imeall na Gaeltaċta. In ndáiríriḃ, a nglaca le ċéile, is aṁlaiḋ a d'ḟán an líon as obair buan, ar feaḋ an ċuid is mó de na cúig bliana, agus i gceantraċa mar an Cloċán Liaṫ, arḃ iad pobal na Gaeltaċta ar fad atá timpeall orṫa. Is aṁlaiḋ a ṫáinig méadú ar an líon as obair.

BA ṀÓR AN ÉAGÓIR É SEO DO GNÁ ĊEANTAR ar biṫ sa tír, go raiḃ méadú ar an líon as obair, nuair a ḃí laġdú ċoṁ mór sin ar fud na tíre go léir. Aċ nuair is Ceantar Cúng, agus ceantar an ḃoċt ar fad atá i gceist, agus go ḃfuil níos mó as obair anois ná mar a ḃí deiċ mbliana ó ṡin, is éagóir trom atá ann. Nuair is ceantar Gaeltaċta, agus pobal na Gaeltaċta atá i gceist, agus i ḃfianaise ċoṁ beag agus atá an pobal sin i láṫair na huaire, ní éagóir ar an ṗobal é, aċ éagóir ar an náisiún, naċ ḃfuil obair á ṡoláṫar díobṫa fós. Níor ṁiste na figiúirí seo a a úsáid go minic ag freagairt ar na daoine adeir go ḃfuil an Ġaeltaċt ceart go leor agus ar slí a slánaiṫe.

An tuaṫḃas daoine gan obair sna Gaeltaċta

Ní ḋearndaḋ laġdú ar biṫ air le cúig bliana

IS MION MINIC A D'IARR MUINTIR NA GAELTAĊTA AGUS A D'IARR "AMÁRAĊ" GO NDÉANFAÍ ÁIREAṀ AR ṖOBAL NA GAELTAĊTA LEO FÉIN, AGUS GO H-ÁIṪRID AR AN LÍON AS OBAIR INSAN ĠAELTAĊT.

Dá ndéantaí seo go tapaí, agus na torṫaí a ḟoilsiú, scannróḋ sé, agus ċoscróḋ sé pobal na tíre agus an náisiún go léir, sa gcaoi go gcaiṫfí rud éigin a ḋéanaṁ le tarṫáil a ṫabairt ar pobal na gceantar seo. Aċ níor dearnaḋ ariaṁ é, agus níl sé furast teaċt air, ar an ábar go ḃfuil pobal na Gaeltaċta ag dul go dtí Malartain Feiḋmeanais insan nGalltaċt, agus naċ féidir idirḋealú ceart a ḋéanaṁ.

Siad na Malartáin eFiḋmannais atá sa Ġaeltaċt ar fad, do réir ordú Rialtais 1956, nó An Daingean, An Cloċán Liaṫ, Acaill, agus Béal an Ṁuirṫid. Ċoṁ maiṫ leis sin, tá fé'n-gcéadṁú réasúnta mór den Ġaeltaċt a ṫéas ċuig an Malartán i gCaṫair Saibín, Bealaċ Féiċ, Na Cealla Beaga, Dún Fionnċaiḋ, Dún na nGall, Leitir Ceanainn, An Cloċán, Uaċtar Árd, Baile an Róba, Caṫair na Mart, Béal Áṫa an Ḟeaḋa, agus Dún Garḃáin. Agus roinnt ḃeag éigin go Máġ Cromṫa agus an Scibirín.

Is aisteaċ agus is uafásaċ an rud é, má ġlacann muid na Malartáin Feiḋmannais le ċéile, go raiḃ 10,751 as obair ag na Malartáin sin, in 1960, aċ an tseaċtain céanna i n 1965, ḃí 11,453 sin méadú de coraḋ agus 700 ar an líon daoine ar an dole.

Léiríonn sé seo go cruinn beaċt cad é stáid na Gaeltaċta agus cad tá gnóṫaiṫe ag an nGaeltaċt ó ṫaoḃ saoṫrú ⁊ oibreċais ins na cúig bliana seo caite, den ċéad ṗlean eacnamiceaċ agus an dara plean eacnamiceaċ.

Ní miste cuiṁniú ar ndóiġe, gur ísliġ an líon as obair leaṫ insan tír ar fad, i riṫ an tréimse sin. Aċ, is measa i ḃfad an scéal istiġ ins na ceantair Gaeltaċta féin. Má ġlactar, cuir i gcás, an Cloċán Liaṫ, mar ṡampla, ḃí 1,071 gan obair in 1960, an tseaċtain céanna i 1961, ḃí 1,044 gan obair; in 1962 ḃí sé

(Ar lean. ar leath. 8)